# Nuacht Neachtain

## Eanáir 2018

**CUIRIMID FÁILTE ROIMH 2018!**
Guímid gach rath agus séan ort agus ar do mhuintir sa bhliain 2018!

**AN PHONCÚLACHT**
Sa bhliain 2016-2017, bhí meánfhreastal 97.2% ag páistí Ghaelscoil Neachtain. Ráta freastail an-mhaith ar fad é seo agus, dá réir sin, molaimid idir páistí agus thuismitheoirí as.
Ar an drochuair, áfach, tá muid buartha faoin phoncúlacht. Ar na mallaibh, tá ardú ann maidir le teacht isteach mall ar scoil le breathnú. **TOSAÍONN AN LÁ SCOILE AR 8.50r.n. d'ACHAN PHÁISTE. MAR CHÉAD CHÉIM, A THUISMITHEOIRÍ, <u>IARRAIMID ORAIBH CINNTIÚ, LE BHUR dTOIL, GO dTAGANN DO PHÁISTE/PHÁISTÍ AR SCOIL IN AM.</u> Go raibh maith agat as bheith ag comhoibriú linn.**

**TRAMLAM TRÁCHTA**
Mar is eol duit, bíonn tramlam tráchta ann go rialta ar 2.50i.n. Seo a leanas an straitéis a mholaimid maidir le réiteach: **ag toiseacht amárach An Chéadaoin, 31 Eanáir, <u>iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí fanacht sa charr agus páistí a bhailiú de réir mar a thiomnaíonn siad thart</u>.** Ó thaobh na Gaelscoile de, déanfaidh muid cinntiú go bhfuil gach rang réidh le himeacht ón Ghaelscoil ar 2.50i.n.

**AGUS IAD AG TIOMÁINT SA CHLÓS GAELSCOILE AR MAIDIN AGUS UM THRÁTHNÓNA, IARRTAR AR THIOMNAITHE AIRE A THABHAIRT DO PHÁISTÍ A BHÍONN AG SIÚL.**

**WELCOME TO 2018!**
We wish you and your family every success and prosperity in 2018!

**PUNCTUALITY**
In 2016-2017, children at Gaelscoil Neachtain had an average attendance of 97.2%. This is a great attendance rate and, accordingly, we pay tribute to both children and parents.
Unfortunately, however, we are increasingly concerned about punctuality at the Gaelscoil. Recently, across all classes, there has been an increase in lateness to school. **TH E SCHOOL DAY STARTS AT 8.50a.m. FOR ALL CHILDREN. AS A FIRST STEP, PARENTS, <u>WE ARE ASKING YOU, PLEASE, TO ENSURE THAT YOUR CHILD/CHILDREN ARRIVE AT SCHOOL ON TIME.</u> Thank-you for your co-operation.**

**TRAFFIC CONGESTION**
As you are aware, there is regular traffic congestion at 2.50p.m. We propose the following as a strategy to relieve the situation: **starting tomorrow, Wednesday, 31st January, <u>all parents/guardians are asked to stay in the car and to collect children as they drive around.</u>** For the Gaelscoil's part, we will ensure all children are ready to leave at 2.50p.m.

**WHILST DRIVING IN THE GAELSCOIL GROUNDS IN THE MORNING AND EVENING, ALL DRIVERS ARE ASKED TO LOOK OUT FOR CHILDREN WALKING.**

**TUISMITHEOIRÍ RANGANNA 1 / 2**

**AR MAIDIN, IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ de PHÁISTÍ RANGANNA 1/2 PÁIRCEÁIL SA CHLÓS IÓCHTAIR, LE BHUR DTOIL, AGUS AG FÁGÁIL NA bPÁISTÍ ISTEACH SA GHAELSCOIL. Go raibh maith agaibh.**

***TOIPIC FHOGHLAMA***

**Rang 1**

*Beidh Rang 1 ag foghlaim faoin scéal Na Trí Mhuc Bheaga an téarma seo. Beidh na paistí ag baint úsáide as na ceadfaí chun réimse abhair a fhiosrú and amharfaidh siad ar cineálacha tí.*

**Rang 2**

*An téarma seo beidh R2 ag foghlaim faoi thithe agus áiteanna chónaithe. Foghlaimeoidh na paistí faoi áiteanna chónaithe ar fud fad an domhain. Amharfaidh na paistí fosta ar ghnáthóg fiadhúlra agus an dóigh a ndéanann na hainmhithe sin áit chónaithe.*

**Ranganna 3 / 4**

Tá Ranganna 3 & 4 ag foghlaim fá 'Áthchúrsáil' agus na buntáistí atá ann don timpeallacht. Beidh muid ag díriú isteach ar laghdú an méid bhruscair, ag úsáid rudaí arís agus ag athchúrsáil.

**Rang 5**

Beidh Rang 5 ag foghlaim faoin Titanic go dtí an Cháisc. Beidh na páistí ag bailiú eolais ar an dóigh a tógadh an long, amlíne na loinge (tógáil agus taiseal) agus na hacmaí éagsúla a bhí ag taisteal ar an long. Beidh deiseanna ag na páistí Fronter agus Google Classroom a úsáid le cuidiú le foghlaim sa bhaile.

**Ranganna 6 / 7**

Tá Rang 6/7 ag fiosrú agus ag foghlaim faoin Ocras Mór in Éirinn. Tá muid ag díriú isteach ar na blianta idir 1845 – 1850 agus ar chúiseanna éagsúla an ocrais.

**RANGANNA 1 / 2 PARENTS**

**IN THE MORNING, PARENTS OF CHLDREN IN RANGANNA 1 / 2 ARE ASKED TO PLEASE PARK IN THE LOWER PLAYGROUND WHILE THEY LEAVE THEIR CHILDREN INTO THE GAELSCOIL. Go raibh maith agat.**

***LEARNING TOPICS***

**Rang 1**

This term Rang 1 are learning about the story of The Three Little Pigs. The children will use their senses to explore a variety of materials and will look at different house types.

**Rang 2**

This term R2 are learning about houses and homes. The children will learn about different homes around the world. The children will also look at the habitat of a variety of wildlife and how they make their homes.

**Ranganna 3 / 4**

Ranganna 3 & 4 are learning about Recycling and how this can benefit the environment. We will be focussing on the '3 R's' – Reduce, Re-use and Recycle.

**Rang 5**

Rang 5 will be learning about the Titanic until Easter. The children will gather information on how the ship was built, the timeline of the ship (building and travelling) and about the various classes who travelled on it. Children will have opportunities to use Fronter and Google Classroom to aid learning at home.

**Ranganna 6 / 7**

Rang 6/7 are learning about the Great Hunger in Ireland. We will be focussing mainly on the years 1845-1850 and

exploring different reasons for this tragic period in our history.

### AN CÓINEARTÚ

Mar is eol duit, beidh An Cóineartú ann do na páistí as Rang 7 Dé Sathairn, 24 Feabhra, 2018 ar 10.30r.n. in Eaglais Choilm, An tSraith. Beidh páistí s'againne i gcuideachta páistí Ghaelscoil na Speiríní, Baile na Scríne, páistí Bhunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana agus páistí Ghaelscoil Léim a' Mhadaidh ar an ócáid naofa seo. Is é An Sagart Tomás Ó Canainn a dhéanfas an sacraimint a cheiliúradh. Iarrtar ar achan pháiste agus mholtóir bheith ina shuí san Eaglais faoi10.15r.n.ar a dhéanaí an mhaidin sin. **Beidh sóláisti ann ina dhiaidh i gClub C.L.G. Naomh Colm atá suite in éineacht leis an Eaglais. (Tugtar fá deara, le do thoil, athrú áite.)** Beidh grianghrafadóir ann.

### CONFIRMATION

Confirmation for the Rang 7 children will take place on Saturday, 24th February, 2018, at 10.30a.m. in St. Columba's Church, Straw, Draperstown. Our children will come together with children from Gaelscoil na Speiríní, Ballinascreen, Bunscoil Naomh Bríd, Tirkane and Gaelscoil Léim 'a Mhadaidh on this sacred occasion. Fr. Thomas Canning will celebrate the sacrament. All children and sponsors are asked to be seated in the Church by 10.15a.m. at the latest that morning. **Refreshments will be served afterwards in St. Colm's G.A.C. situated beside the Church. (Please note change of venue.)** A photographer will be present.

### AN CHÉAD AITHRÍ

Déanfaidh na páistí as Rang 4 a **gCéad Aithrí Déardaoin, 15 Márta, 2018. Beidh Seirbhís Athmhuintearais ann in Eaglais Naomh Pádraig ag toiseacht ar 7.00 p.m.** agus déanfaidh na páistí a gCéad Aithri i rith na seirbhíse seo. Beidh Cór Neachtain ag canadh ag an tseirbhís. Mairfidh an tseirbhís thart fá leathuair. Ní mór do na páistí go léir éadaí scoile iomlán a chaitheamh. Go raibh maith agat as bheith ag comhoibriú linn.

### FIRST CONFESSION

The children from Rang 4 will make their First Confession on Thursday**, 15th March, 2018.** There will be a **Service of Reconciliation in St. Patrick's Church beginning at 7.00 p.m.** and the children will make their First Confession during this service. Cór Neachtain will sing at the service. The service will last about half an hour. All children are asked to wear full school uniform. Thank you for your co-operation.

### AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi deara, le do thoil: ní osclaíonn An Club Bricfeasta go dtí 8.15r.n. – ar mhaithe leis an tsábháilteacht, níl cead isteach ag páistí roimhe sin. Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Go raibh maith agat.

### BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45a.m. All children are welcome. **Please note: the Breakfast Club does not open until 8.15a.m. – in the interests of safety, children cannot be admitted before that time. Last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

**FLEADH SHEÁIN de BHÚRCA**

Tá Fleadh Sheáin de Búrca ann i mbliana Dé Sathairn, 24 Márta,i Th gClóidigh. Tá an ceol, an ealaín agus an teanga á cur chun cinn trí réimse leathan comórtas ag an Fhleadh. Tuilleadh eolais le teacht.

**ÉADAÍ CUÍ don SPÓRT**

**TUGTAR FÁ DEARA, LE DO THOIL: agus gasraí Ranganna 5,6,7 ag dul go Spórtlann Dún Geimhin don traenáil tráthnóna ar an Aoine, <u>NÍ MÓR DÓIBH GO LÉIR EADAÍ CUÍ A CHAITHEAMH</u>. Go raibh maith agat**

**TRAENÁIL IARSCOILE**

Ná déan dearmad – leanann an traenáil iarscoile do pháistí EC2 mar a leanas:
An pheil, An Mháirt, 3 – 4i.n.
An iománaíocht, An Déardaoin, 3 – 4i.n.

**COSAINT AN PHÁISTE**

***Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. In éagmais Danielle, glacfaidh Róisín freagrachtaí an Mhúinteoir Ainmnithe uirthi. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le Róisín nó leis an phríomhoide, le do thoil, <u>láithreach bonn.</u>***

**AIRE AILLÉIRGE**

**Tugtar fá deara, le do thoil: Ní cheadaítear torthaí cíbhí nó cnónna – nó táirgí arbh fhéidir cnónna a bheith iontu - ar shuíomh Ghaelscoil Neachtain!**

**GAELSCOIL NEACHTAIN ar *Facebook.***

Coinnigh i dteagmháil le saol na Gaelscoile ar leathanach *Facebook* de chuid na Gaelscoile!

**JOHNNY BURKE FLEADH**

The Johnny Burke Fleadh will take place this year on Saturday, 24th March, in Claudy. Music, art and language are being promoted through the wide range of competitions at the Fleadh. More information to follow.

**APPROPRIATE CLOTHES for SPORT**

**PLEASE NOTE: All boys from Ranganna 5,6,7 attending training at Dungiven Sports Centre on Friday afternoons, <u>MUST WEAR APPROPRIATE SPORTS' CLOTHING.</u> Go raibh maith agat.**

**AFTER-SCHOOL TRAINING**

Don't forget – after-school training continues for KS2 children as follows:
Football, Tuesdays, 3 – 4p.m.
Hurling, Thursday, 3 – 4p.m.

**CHILD PROTECTION**

***Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. In Danielle's absence, Róisín will take on the responsibilities of Designated Teacher. If you have any concerns, please contact Róisín or the Principal, <u>immediately</u>.***

**ALLERGY PRECAUTION**

**Please note: Kiwi fruit and nuts – or products which may contain nuts - are not permitted on the Gaelscoil Neachtain site!**

**GAELSCOIL NEACHTAIN on *Facebook.***

Keep up to date with Gaelscoil life on
Gaelscoil Neachtain's *Facebook* page!